An bhfaca tú **líontán**
an damháin alla riamh?
An bhfuil a fhios agat cad
as a bhfuil sé déanta?
Tá sé déanta as **síoda**.

Sníomhann **damháin alla** síoda lena **sníomhadáin**.
Tagann an síoda amach as na sníomhadáin mar **leacht**.
Ansin tiontaíonn sé ina shnáithe láidir.
Tá roinnt síoda **greamaitheach**.